Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9373/26**
**ADD 1**

**RECH 222**
**ASIE 19**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an India chun teacht ar chomhaontú maidir le rannpháirtíocht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir lena comhlachas le Colún II den chlár Fís Eorpach |

**TREORACHA MAIDIR LE COMHAONTÚ A CHAIBIDIL IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA hINDIA, DEN PHÁIRT EILE, MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBLACHT NA HINDIA I gCLÁIR AN AONTAIS AGUS MAIDIR LE COMHLACHAS PHOBLACHT NA hINDIA LE COLÚN II DEN CHLÁR FÍS EORPACH – AN CLÁR RÉIME UM THAIGHDE AGUS UM NUÁLAÍOCHT (2021-2027).**

1. Ba cheart téarmaí agus coinníollacha rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia in aon chlár de chuid an Aontais a leagan síos sa chomhaontú. Déanfar an méid seo a leanas leis:

   (a) cothromaíocht chóir a áirithiú a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus tairbhí an tríú tír atá rannpháirteach i gcláir an Aontais;

   (b) coinníollacha a leagan síos maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair, agus costais riaracháin na gclár. Ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí sin[1];

   (c) gan aon chumhacht chinnteoireachta a thabhairt don tríú tír i ndáil le clár an Aontais;

   (d) cearta an Aontais a ráthú chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

2. Ba cheart foráil a dhéanamh sa chomhaontú gur cheart aon chomhlachas a bheidh ann amach anseo idir Poblacht na hIndia agus cláir bhreise de chuid an Aontais a bheith i bhfoirm prótacal aonair a ghabhann leis an gcomhaontú. Le linn na caibidlíochta, ba cheart don Choimisiún féachaint an bhféadfaí na prótacail sin a ghlacadh trí nós imeachta simplithe ag comhlacht arna bhunú faoin gcomhaontú. Leagfaí amach sa chomhaontú na prionsabail ghinearálta atá ábhartha maidir le rannpháirtíocht in aon chlár de chuid an Aontais.

3. Ba cheart a chinneadh leis an gcomhaontú leibhéal na ranníocaíochta airgeadais is iníoctha ag Poblacht na hIndia le buiséad ginearálta an Aontais.

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), (IO L, 2024/2509, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

4. Sa phrótacal maidir le rannpháirtíocht sa chlár Fís Eorpach (2021-2027), ba cheart téarmaí agus coinníollacha sonracha a leagan síos chun go mbeidh Poblacht na hIndia rannpháirteach i gColún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' den chlár Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle[3], agus aon riail eile a bhaineann le cur chun feidhme an chláir.

5. Ba cheart foráil a dhéanamh sa phrótacal maidir le rannpháirtíocht sa chlár Fís Eorpach go mbeadh stádas breathnóra ag Poblacht na hIndia ar Choiste an Chláir Fís Eorpach de réir raon feidhme chomhlachas Phoblacht na hIndia leis an gclár (gan bheith amhlaidh ach amháin d'fhoirmíochtaí Choiste an Chláir a bhfuil baint acu le Colún II a chur chun feidhme).

6. Ba cheart clásal cómhalartachta a bheith sa phrótacal maidir le rannpháirtíocht sa chlár Fís Eorpach lena n-áiritheofar go mbeidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas in ann a bheith rannpháirteach, ar bhealach cómhalartach, i gclár nó i gcláir Phoblacht na hIndia atá coibhéiseach le Colún II den chlár Fís Eorpach, a mhéid is féidir.

7. Sa phrótacal maidir le rannpháirtíocht sa chlár Fís Eorpach, ba cheart forálacha ábhartha Fís Eorpach a leagan amach a bhaineann le sócmhainní, leasanna, uathriail nó slándáil straitéiseach an Aontais a chosaint.

8. Leis an gcomhaontú, ba cheart luachanna agus prionsabail bhunúsacha chomhroinnte a chur chun cinn, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht.

---

[2] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO AE L 170, 12.5.2021, lch. 1).

[3] Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO AE L 167 I, 12.5.2021, lch. 1).

9. Ba cheart rialacha a leagan amach sa chomhaontú maidir le bainistíocht fhónta airgeadais i ndáil le cistiú ón Aontas. Go sonrach, ba cheart foráil a dhéanamh sa chomhaontú maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go leormhaith, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, lena n-áirítear calaois, gnóthú cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart, agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin a fhorchur agus airgead a ghnóthú. Ba cheart don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a bheith in ann imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair. Ba cheart d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bheith in ann cionta coiriúla in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

10. Ba cheart don Choimisiún, le linn na caibidlíochta, féachaint ar an bhféidearthacht clásal maidir le cur i bhfeidhm sealadach agus/nó cúlghabhálach an chomhaontaithe a chur san áireamh. Ba cheart an comhaontú a bheith i gcomhréir le beartais agus cuspóirí gaolmhara an Aontais.